

Leibhéal B2

Topaic 13: An pholaitíocht náisiúnta & idirnáisiúnta

Bileog 13.1a agus Bileog 13.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 13.1a** ar gach duine sa rang.
- *An pobal agus an stát – Stór focal:* Iarr ar gach beirt cur síos a dhéanamh dá chéile ar a bhfeiceann siad sa phictiúr. Tar éis tamaill pléigh an pictiúr leis na foghlaimeoirí ar fad.
- Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
- *An pobal agus an stát – Plé:* Léigh na ceisteanna leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Bí ag siúl thart agus breac síos aon bhotún a chloiseann tú agus pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta nuair atá siad críochnaithe.

Aistriúcháin:

“Well at least we don’t have to worry about anarchy anymore . . .”

“Ar a laghad ní chaithfidh muid a bheith buartha faoi ainrialachas a thuilleadh. . .”

“Benches are for B citizens only”

“Is do shaoránaigh B amháin na binsí seo”

“For your protection”

“Chun tú a chosaint”

“Curfew”

“Cuirfiú”

- Scaip **Bileog 13.1b** ar gach beirt sa rang.
- *An pobal agus an stát – Léamh:* Abair le gach beirt an t-alt a léamh le chéile. Téigh siar ar aon cheist a tháinig chun cinn le linn dóibh a bheith ag léamh.
- *An pobal agus an stát – Plé:* Léigh na ceisteanna leis an rang agus abair le gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile. Nuair atá píosa maith cainte déanta acu pléigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí ar fad.
- *An pobal agus an stát – Teanga:* Iarr ar gach beirt na ceisteanna teanga a dhéanamh le chéile.

Freagraí:

(a)

Barraíocht – iomarca

Caidé – cad / cad é?

Go furasta – go héasca
 De dhíth – ag teastáil
 Leoga – maise / bhuel
 Scairteanna – glaonna
 Achan – gach
 Buartha – inníoch
 Chan mórán – ní mórán

(b)

Cumhachtaí móra
 Cathracha áirithe
 Socruithe cosanta
 Scairteanna gutháin
 Uimhreacha cártaí creidmheasa
 Fianáin
 Imircigh
 Suímh ghréasáin
 Grianghraif phearsanta

(c)

Sin an dóigh – *that's the way.*
 An dóigh leat? - *do you think?*
 Bhí am ar dóigh agam – *I had a great time.*
 Cén dóigh atá ort – *how are you?*
 Ar ndóigh – *of course.*
 Tá sé gan dóigh – *he's in a bad way.*

Bileog 13.2

- Scaip **Bileog 13.2** ar gach beirt.
- *An pholaitíocht – Éisteacht:* Iarr ar gach beirt buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míreanna. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis na míreanna nuachta ar ball. Mura bhfuil aon eolas acu faoi na míreanna abair leo scéalta a chumadh leis na focail atá tugtha do gach mír.
- Seinn na míreanna dóibh uair amháin agus pléigh an dóigh a raibh na scéalta a bhí acu féin éagsúil ó na scéalta a chuala siad ar an téip.
- *An pholaitíocht – Teanga:* Mínigh dóibh go bhfuil an script ó mhír 1 agus ó mhír 3 os a gcomhair anois. Cuir na míreanna ar siúl don rang arís agus tabhair nóiméad dóibh idir an dá mhír. Mínigh go gcaithfidh siad na bearnaí a líonadh leis na focail a chloiseann siad sa mhír. Abair le gach beirt na focail a bhreac siad síos a chur i gcomparáid le chéile. Caithfidh siad plé a dhéanamh ar cén fáth ar litrigh siad na focail mar a litrigh siad iad.

Freagraí:**Mír 1**

Gheofaí go ngearrfar fíneáil nó téarma príosúin ar Iar-Aire de chuid rialtas Stormont, an Teachta Tionóil Ian Óg Paisley, mar gheall ar dhíspeagadh (*ar díspeagadh* a deirtear) cúirte, mura gcuireann sé na húdaráis ar an eolas faoi **dheireadh** an lae faoi na foinsí a bhí aige maidir le heolas a thug sé do bhinse fiosraithe a bhí ag fiosrú bás Billy Wright. D'ordaigh an **Ard-Chúirt** i mBéal Feirste dó a leithéid a dhéanamh agus thug go dtí an lá inniu dó a chuid eolais a chur in iúl. Dúirt Ian Óg Paisley gur tugadh ordú beagnach 6 mhíle cáipéis a scriosadh i ndiaidh marú Billy Wright sa bhliain 1997 ach dhiúltaigh sé an t-oifigeach príosúin a thug an t-eolas dó a ainmniú. Tá sé curtha in iúl ag Ian Óg Paisley nach bhfuil sé chun achomharc a dhéanamh i leith **rialú** na cúirte agus tabharfar an cás os comhair na cúirte arís níos déanaí sa mhí.

Mír 3

Deimhníodh inniu ná caillfidh Teachtaí Dála atá ag suí faoi láthair an liúntas speisialta atá dlite dóibh nuair atá tréimhse fada oibre curtha isteach acu. Fógraíodh sa chánaiseis éigeandála ná beadh liúntais á **ndíol** a thuilleadh ach dúirt Príomh-Aoire an rialtais - an Teachta Dála, Pat Carey - inniu go gcaithfí reachtaíocht nua a dhréachtú agus a **chur** i bhfeidhm le haon athrú a chur ar **liúntais** a dhíoltar le Teachtaí Dála. Dúirt an Teachta Carey go bhfuil ciorruithe eile á gcur i bhfeidhm ag an rialtas faoi láthair, ciorruithe i gcostais taistil agus i ranníocaíochtaí pinsin ina measc. Ach nach gcuirfí aon athrú i bhfeidhm ar na liúntais atá á ndíol (*dhíol* a deirtear) le Teachtaí Dála faoi láthair.

Iar-Aire – nuair a bhíonn ceannlitreacha i gceist taobh istigh de chomhfhocail cuirtear fleiscín idir an dá fhocal.

dheireadh – cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann an réamhfhocal simplí *roimh*.

Ard-Chúirt - nuair a bhíonn ceannlitreacha i gceist taobh istigh de chomhfhocail cuirtear fleiscín idir an dá fhocal. Níl aon 't' ag tús an chomhfhocail mar go bhfuil an focal *cúirt* baininsneach.

ndíol – tá 'n' ar an fhocal *díol* anseo mar go leanann sé 'á', atá ag tagairt siar go dtí *na liúntais*, atá san uimhir iolra.

chur – seo an t-ainm briathartha den bhriathar *cuir*.

liúntais – seo an uimhir iolra ceart den fhocal liúntas. Go minic sa chaint áfach, go háirithe i gcanúint Chonnachta cuirtear *í* ag deireadh focal san uimhir iolra.

- Pléigh na freagraí leis an rang.

Bileog 13.3

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna arís agus scaip **Bileog 13.3** ar gach duine sa rang.

- *Polaitíocht na hÉireann – Stór focal: Iarr ar gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na teidil ag barr an leathanaigh. Bíodh na focail thíos ina measc.*

Poist sa Rialtas

Polaitíocht

Páirtí Polaitíochta

Ceannaire an pháirtí

Uachtarán / an tUachtarán / Uachtarán na hÉireann

Fianna Fáil

Fine Gael

Páirtí An Lucht Oibre

An Comhaontas Glas

Sinn Féin

An Páirtí Daonlathach

Teachta Dála neamhspleách

An Dáil

An Seanad

An Rialtas

Comhrialtas

An freasúra

Taoiseach

Tánaiste

Teachta Dála / Teachtaí Dála

Aire / Airí Rialtais

Aire Stáit / Airí Stáit

Comhairleoir Contae / comhairleoirí Contae

Cúrsaí toghchán

Toghchán

Olltoghchán

Fothoghchán

Vóta a chaitheamh

Dáilcheantar

Tromlach (móramh)

Mionlach

Polaitíocht an Tuaiscirt

Aire Stáit an Tuaiscirt

Príomh-Aire na Breataine

Aontachtaí / Aontachtaithe

Poblachtach / Poblachtaigh

Dílseoir / Dílseoirí

Náisiúnaí / Náisiúnaithe

Próiseas na síochána

- *Polaitíocht na hÉireann – Plé*: Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar anois agus iarr ar gach grúpa an píosa ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin a léamh le chéile.
- Léigh thusa an píosa leis an rang agus ansin abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.
- Bí ag siúl thart le linn na gníomhaíochta agus breac síos aon phointe gramadaí nó foclóra a chuala tú nach raibh ceart agus pléigh na deacrachtaí leis an rang ar fad.

Bileog 13.4

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna arís agus scaip **Bileog 13.4** ar gach duine sa rang.
- *Polaitíocht idirnáisiúnta – Stór focal*: Iarr ar gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na teidil ag barr an leathanaigh. Bíodh na focail thíos ina measc.

An tAontas Eorpach

An eite dheis

An eite chlé

Coimeádach / Coimeádaigh

Cumannaí / Cumannaigh

Liobrálach / Liobrálaigh

Sóisialach / Sóisialaigh

An tAontas Eorpach

Comhairle na hEorpa

Coimisiún na hEorpa

Na Náisiúin Aontaithe

Toghchán Mheiriceá

An Páirtí Daonlathach

An Páirtí Poblachtánach

Feachtas polaitíochta

Toghchán tosaigh

Cácas (páirtí)

Síntiúis pholaitíochta

Uachtarán na Stát Aontaithe

Leas-Uachtarán

An pholaitíocht agus cogáí

Síocháin

Cogadh

Cogadh a throid

Arm

Dí-armáil

Cabhlach

Aerfhórsa

Saighdiúir

Ionsaí a dhéanamh ar...

Ionradh a dhéanamh ar...

Buama

Arm núicléach

Namhaid

Comhghuaillí

Cath a throid

Cosaint

Idirbheartaíocht

Sos cogaidh

Conradh síochána

- *Polaitíocht idirnáisiúnta – Plé:* Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar anois agus iarr ar gach grúpa an píosa ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin a léamh le chéile.
- Léigh thusa an píosa leis an rang agus ansin abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile.
- Bí ag siúl thart le linn na gníomhaíochta agus breac síos aon phointe gramadaí nó foclóra a chuala tú nach raibh ceart agus pléigh na deacrachtaí leis an rang ar fad.
- ***Cleachtadh Breise:*** Scríobh na daoine cáiliúla polaitíochta seo ar an chlár dubh. Abair le gach triúr a bheith ina suí le chéile agus a dtuairimí fúthu a phlé le chéile. Pléigh tuairimí na bhfoghlaimeoirí ar fad ansin.

Charlie Haughey

Barack Obama

Máire Mhic Giolla Íosa

Hillary Clinton

Brian Cowen

Sarah Palin

Mary Coughlan

Bertie Ahern

Boris Yeltsin

George W Bush